

❖ An Lúibín ❖

31 Deireadh Fómhair 2007

Gaeilge gan aistriú

Irish-language translators and interpreters are in desperately short supply in the European Union.

Teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh is ea an Ghaeilge, ach tá an tAE an-mhíshásta le haistritheoirí Gaeilge a bheith chomh gann sin. Tá gá ag an gCoimisiún le 80% níos mó aistritheoirí ná mar a shíl an rialtas a bheadh ag teastáil nuair a bhí an teanga fós gan stádas oifigiúil. Meastar anois gur gá 5,000 leathanach a aistriú in aghaidh na bliana seachas an seanmheastachán de 2,750 leathanach. Tá teangairí ag teastáil go géar freisin, agus níl aon traenáil le fáil in Éirinn i gcomhair teangaireacht chomhdhála. Ní féidir a rá ach oiread gur furasta an fhadhb a fhuascailt: bhí comórtas earcaíochta ann anuraidh agus níor chuir ach naoi nduine dhéag isteach air.

Níor cuireadh Gaeilge go fóill ar an *acquis communautaire*, reachtaíocht iomlán an AE agus í ag líonadh 100,000 leathanach. Fágann seo nach mbeadh aon bhunús reachtúil le hobair na seirbhísí dlí agus iad ag aistriú Achtanna.

Tá na drochscéalta seo le fáil i nóta mionteagaisc a rinne Coimisinéir Ilteangachais an AE le haghaidh Rialtas na hÉirinn. Dúirt sé go raibh an Coimisiún leagtha amach ar chearta na dteangacha pobail a chosaint, ach gur mhaith an rud cúnaimh a fháil ón Rialtas chun aistritheoirí agus teangairí a sholáthar.

Tá gá mór le graiméar nua oifigiúil, mar nár tháinig eagrán nua amach leis na blianta fada agus tá an seancheann as cló. Tá ceann nua ar na bacáin anois, agus beidh fáilte roimhe san AE, ó tá aistritheoirí ag brath ar cibé eolas atá le fáil ó údaráis eile agus ó na holscoileanna, rud a d'fhág trína chéile iad.

Féach píosa le Jamie Smyth san Irish Times, 15/10/07.



Suíomh nua

The University of Essen in Germany is host to a comprehensive new Internet site devoted to the Irish language.

Anois tá suíomh nua Gaeilge ag Ollscoil Essen sa Ghearmáin, ceann a chuir Réamonn Ó hÍcí ar bun. Tá an suíomh leagtha amach ina roghchláir a léiríonn gnéanna difriúla den Ghaeilge. Tá cuntas ann ar an teanga ó thaobh na staire agus an tsaoil chomhaimseartha de, in éineacht le léargas ar an léann Éireannach, ar na teangacha Ceilteach eile, ar an teagmháil idir Gaeilge agus Béarla, agus mar sin de.

Cuireann an dá chuid lárnach den suíomh síos ar na canúintí agus ar chomhdhéanamh na teanga. Chomh maith leis sin, tá gluais chuimsitheach de théarmaí teangeolaíochta ann, cuntas ar an teangeolaíocht féin agus roinnt léarscáileanna agus léaráidí a bhaineann le hÉirinn agus leis na hÉireannaigh. Tá eolas ann faoi irisí a phléann le Gaeilge agus le teangacha Ceilteacha eile, agus tá liosta mór leabhar ann le haghaidh mic léinn agus scoláirí. Ina theannta sin, tá beathaisnéisí na mórscoláirí Gaeilge ann.

Déantar cur síos ar dhúchas na Gaeilge, agus tugtar léargas ar na lámhscríbhinní Éireannacha, ar chúrsaí ealaíne agus ailtireachta agus ar an gcultúr Ceilteach i gcoitinne. Tugann seo treoir shoiléir do dhaoine nár chuir suim sa Ghaeilge roimhe sin. Is iomaí nasc atá ann le suíomh shuimiúla eile - ollscoileanna a bhfuil ranna Ceilteacha nó Gaeilge acu, institiúidí eile, eagraíochtaí craolacháin, leabharlanna, ranna rialtais agus foilsitheoirí leabhar nó irisí.

Tugann an suíomh seo aird ar leith ar chanúintí beo na teanga. Tá léarscáileanna clicéailte de na Gaeltachtaí go léir ann in éineacht le fuaimchomhaid de chainteoirí dúchais chun an fuaimniú a léiriú. Taispeántear príomhthréithe agus príomhdhifríochtaí na gcanúintí i dtáblaí. Is féidir éisteacht leis na fuaimchomhaid agus féachaint ar athscríbhinní foghraíochta ag an am céanna.

Is féidir an suíomh a chuardach ó bhun go barr trí na roghchláir nó trí chraobhacha na modúl, agus an t-ábhar a íoslódáil gan dua. Tá léarscáil iomlán den suíomh le fáil agus liosta téamaí le nascanna.

Féach: <http://www.uni-due.de/DI>. (Is féidir leat an suíomh a fháil ar Google le 'Discover Irish'.)



Oideachas

Storms continue in Irish-language education; and Polish children in Ireland are being taught in their own language.

Ar 15/10/07 rinne an cúigiú cuid de 470 dalta Phobalscoil Chorca Dhuibhne agóid faoin mbeartas atá ann go múiní gach ábhar trí Ghaeilge. Scoil í a bunaíodh de bharr dhá scoil eile a chomhnascadh – ceann do bhuachaillí agus ceann do chailíní. Aithníodh iad sin mar scoileanna lánGhaeilge agus fuair deontais dá bharr, cé go mbíodh sé de rogha ag na daltaí an curaclam a dhéanamh trí Ghaeilge nó trí Bhéarla.

Tá cuid bheag de mhuintir na háite míshásta leis an mbeartas nua, mar atá na daltaí nach bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu agus ar deacair dóibh na múinteoirí a thuiscint.

Dúirt príomhoide na scoile nach raibh á dhéanamh aige ach beartas na n-iontaobhaithe a chur i bhfeidhm. Tá lucht na Gaeilge, ar ndóigh, ag tacú leis sin. Scéal é den saghas a léiríonn cé chomh furasta is atá sé lasóg a chur i mbarrach na teanga i gcúrsaí oideachais. Is léir go bhfuil réiteach chiallmhar ag teastáil sa chás seo, réiteach a mbeadh tuiscint ann ar chás an dá thaobh agus a rachadh ar sochar do na daltaí go léir.



Ar 20/10/07 thosaigh scoil deireadh seachtaine i bPort Láirge, agus í ag múineadh trí Pholainnis ar fad. Tá a leithéid eile le fáil i gCorcaigh.

Tá an maoiniú á sholáthar ag rialtas na Polainne, agus tá na scoileanna ag freastal ar pháistí atá ga brath ar fhilleadh ar a dtír dúchais feasta. I rith na seachtaine téann siad ar scoil le páistí Éireannacha.

Tá an Pholainnis ar na dara teanga is coitianta in Éirinn faoi láthair, agus tá iris Pholainnise, *Sofa*, á bhfoilsíú i mBaile Átha Cliath. Dúirt eagarthóir na hirise gur mhaith an rud é daoine le Polainnis a bheith le fáil i bhforais stáit chun cuidiú leis na mílte Polannach atá in Éirinn – isteach is amach le 250,000 duine. (Tá Gaeilgeoirí ag fanacht fós le seirbhís den saghas seo.)



Tá ceist an tumoideachais beo fós in Éirinn, ceist a bhaineann leis na gaelscoileanna go léir agus a tarraingíodh anuas ar dtús i nGaelscoil Mhic Easmainn i dTrá Lí. Rinne an tAire Oideachais go gcaithfí Béarla a mhúineadh ó thús sna gaelscoileanna, rud a tharraing raic. Mar a deir Pádraig Mac Fhearghusa, athchathaoirleach Ghaelscoil Mhic Easmainn, agus eagarthóir na hirise *Feasta*:

Ionsaí ar dhaonnacht aon chainteora Gaeilge is ea é a rá leis nó léi nach bhfuil cead aige cion a chothú sa pháiste óg ar an teanga le cúnamh ar luath-thumoideachais iomláin. Dea-chleachtas aitheanta idirnáisiúnta is ea an luath-thumoideachas iomlán sa dara/sprioctheanga.

Tá fórsaí na Gaeilge in ordú catha agus cosanta: Gaelscoileanna Teo, An Foras Pátrúnachta, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge agus Conradh na Gaeilge.

Tá roinnt pointí eile curtha in iúl ag Pádraig, mar a leanas:

- Ní cuirtear iachall ar dhaoine a gclann a chur chun gaelscoile. Cuireann gaelscoil rogha ar fáil nach mbeadh le fáil gan í. Is é soláthar an rogha sin is bunsiocair le rath na gaelscolaíochta.
- Tá caighdeán an Bhéarla i scoileanna lánGhaeilge i bhfad níos airde ná an meánchaighdeán náisiúnta.
- Tá a fhios ag scoileanna lánGhaeilge go gcaithfidh siad ardchaighdeán Béarla a bhaint amach chun teacht i dtír.

IDIR AN DÁ LINN tá an dlí le cur ar an Aire san Ard-Chúirt i dtaobh an scéil. Ní mór an cúnamh do chúis an Aire cáipéisí a bheith ann a thaispeánann nár leagadh aon rialacha síos riamh de réir dlí faoi mhúineadh an Bhéarla i scoileanna lánGhaeilge.



Comhrá bundúchasach

Three notable figures in Aboriginal affairs express their views at the University of Melbourne.

Ar 26/10/07 bhailigh slua le chéile i Scoil an Dlí ag Ollscoil Mhelbourne chun éisteacht le triúr a bhfuil dlúthbhaint acu le scéal na mbundúchasach san Astráil: Galarrwuy Yunupingu, Ian Anderson agus Marcia Langton. Bhí comhthéacs ann: drochbhail uafásach a bheith ar mhórán mionphobal bundúchasach sna cúlchríocha de bharr óil, pornagrafaíochta, drugaí, fornirt agus, thar aon rud eile, easpa oibre; agus reifreann atá le cur ar siúl ag an bPríomh-Aire John Howard faoi bhrollach bunreachta a thabharfadh aitheantas do chéad chine na tíre. Ceannaire náisiúnta is ea Yunupingu a bhfuil dúchas fíorthraidisiúnta aige; tá Anderson ina eolaí ar chúrsaí sláinte; agus tá Langton ina scoláire agus ina hantrapeolaí.

Ní gá a rá gurb é ba bhun leis an ócáid seo droch-staid na mbailte mbundúchasach sna cúlchríocha, rud a thug ar an rialtas cónasctha iad a chur faoina stiúradh féin, beag beann ar na stáit. Mná agus páistí is mó atá cráite ag na fadhbanna. D'éirigh leis na Yolngu (muintir Yunupingu féin) fanacht amach ón tubaiste agus a gcuid traidisiúin a thabhairt slán; tá mórán eile ar theip orthu é sin a dhéanamh agus atá anois go hainnis. Slad cultúrtha is ea an méid seo, gan trácht ar aon rud eile. Is fada a bhí a fhios ag na húdaráis go raibh drochbhail ar na daoine ach is beag a rinne siad; agus is iomaí duine a déarfadh go bhfuil na údaráis áitiúla le cáineadh go géar. Shiúil an fhaillí agus an t-aineolas le chéile.

Galarrwuy Yunupingu ba thúisce a bhí ag caint. Dúirt sé go bhfuil a ndúchas agus a reacht féin ag na bundúchasaigh: *rom watangu* mar a deirtear i dteanga a mhuintire – dlí tíre agus mara, dlí na beatha féin. A mhuintirsean a chruthaigh agus a shealbhaigh an tír agus an mhuir riamh, agus sin mar a bheidh an scéal feasta.

Ní mór an Bhunreacht a athrú chun an réamhrá a bhuanú. Caithfear athrú a dhéanamh ar mhír 51(26), mír a ligeann don rialtas dlíthe a dhéanamh de réir cine agus a ndéantar dochar do na bundúchasaigh dá bharr. Caithfear mír nua a chur ina ionad a neartóidh cearta bundúchasacha, go háirithe cearta sealbhaithe. Caithfear go bhfuil baint ag an Astráil go léir leis an socrú.

Ní cóir faillí a dhéanamh sa taobh praiticiúil den socrú. Tá airgead, aimsir agus dúthracht ag teastáil chun na fadhbanna a fhuascailt. Sin é an fáth a dtacaíonn Yunupingu le ladar an rialtais a chur go tréan sna Críocha ó Thuaidh. Tá deacrachtaí ag baint leis an obair agus tá seisear sásta a dhícheall a dhéanamh lena leigheas. Caithfear airgead mór agus dúthracht mhór a chaitheamh chun postanna agus teacht isteach a sholáthar don chéad ghlúin eile.

Ní furasta é seo a dhéanamh, agus tá a fhios aige de bharr ar tharla cheana gur minic a bheidh fonn ar dhaoine éirí as. Ach ní ceart é sin a dhéanamh. Déantar athchaidreamh de bharr na macántachta, na fírinne agus ceartú na héagóra.

Chuir Ian Anderson an cheist seo: Conas a mhilleann an cónascachas faoi shláinte na mbundúchasach a fheabhsú? Is iad na stáit amháin a bhí in ainm is a bheith ag plé leis na cúrsaí sin go dtí an bhliain 1967, agus tá caidreamh casta faoi láthair idir an rialtas cónasctha agus na rialtais stáit, rud nach dtéann ar sochar do na bundúchasaigh féin.

Sa tír seo rinne na dlíthe leasa shóisialaigh dream ar leith de na bundúchasaigh, ach tá an Astráil chun deiridh ar Cheanada agus ar na Stáit Aontaithe sna cúrsaí seo. Is fada atá an *Indian Health Service* ar siúl san Stáit Aontaithe; sa Nua-Shéalainn féin tá a seirbhís sláinte féin ag na Maoraigh ó ochtóidí an 19ú haois i leith. Chuir Anderson in iúl go raibh sé thar am freastal ceart eagraithe a dhéanamh.

D'fheann Marcia Langton na tráchtairí úd a chuir in iúl nach raibh an scéal chomh dona sin sna cúlchríocha. Dúirt sí go raibh sé go han-dona ar fad, cé gur mheasa é in áiteanna seachas a chéile. Dúirt sí gur bh éigean dul i gcomhairle na ndaoine, agus nár mhór do gach dream toiliú le cearta bundúchasacha a bhuanú sa Bhunreacht.



Tá cuid de mhuintir na háite míshásta le roinnt de na rudaí atá déanta ag an rialtas cónasctha. Tá an dlí á chur san Ard-Chúirt ar an rialtas toisc go bhfuil tailte bundúchasacha gafa acu le léasanna cúig bliana agus toisc gur cealaíodh an córas ceadaithe a chosnaíodh teorainn na dtailte sin. Deirtear nach féidir anois strainséir a choinneáil amach ó na háiteanna naofa agus go gcuirfear cearta talún ar ceal. Ach bheartaigh Galarrwuy Yunupingu seift nár chuimhnigh daoine eile uirthi: tá léas ag a mhuintir féin ar a dtailte dúchais.



Cearlanna Scríbhneoireachta
— **Comhléamh & Cóimheastóireacht** —
le cúnaimh ó: Bord na Leabhar Gaeilge

Stiúrthóirí: Pádraig Ó Snodaigh, foilsitheoir, file, staraí
Mícheál Ó Ruairc, file agus gearrscéalaí
Pádraig Mac Fhearghusa, eagarthóir *Feasta*

Satharn 10 & Domhnach 11, Samhain, Óstán 12, Bearna, Gaillimh
Satharn 24 & Domhnach 25, Samhain, Óstán West County, BÁC

Uaslíon páirteach: 12. Líon teoranta ionad fágtha.
Cóipeanna den saothar is mian leat a phlé, dánta, gearrscéal, giota d'úrscéal, dráma nó eile, go dtí:
43 Na Cluainte, Trá Lí, Co. Chiarraí.

feasta@eircom.net
Pádraig Mac Fhearghusa, eagraí

Mairfidh na ceardlanna ón 2.00pm ar an Satharn go dtí a 4.00pm ar an Domhnach.
Cuirfear leaba thar oíche agus béilí ar fáil do rannpháirtithe.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun: colger@melbpc.org.au nó chun: ColinG.Ryan@ato.gov.au

If you do not want to receive further editions of this newsletter, please send a message accordingly to colger@melbpc.org.au or ColinG.Ryan@ato.gov.au